Cuntas Leithreasa 2015

# Vóta 34

# Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 34, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, lena n-áirítear deontais d'údaráis áitiúla, deontais agus speansais eile maidir le tithíocht, seirbhísí uisce, scéimeanna ilghnéitheacha, fóirdheontais agus deontais.

Tá comparáid déanta idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2015, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaithe-i-gcabhair.

Tá barrachas €42.94 milliún dlite le tabhairt suas don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## An Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a sholáthar chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla***

Tugtar tuairisc ar Cheangaltais Chaipitil atá Infhorghníomhaithe le Dlí ag tairseach €12.697 milliún.

***Íocaíochtaí do Phobal***

Réamhíoctar cistí do Phobal maidir le seachadadh clár áirithe ar bhonn gníomhaireachta. Gearradh an méid iomlán a íocadh do Phobal sa bhliain le hais na bhfo-cheannteideal ábhartha sa bhliain. (Féach Nóta 6.7).

***Sócmhainní caipitil***

Dímheastar sócmhainní caipitil de réir méid cothrom feadh a saoil fhónta mheasta, ag tosú sa mhí ina gcuirtear an tsócmhainn i seirbhís. Déantar foirgnimh a dhímheas ag 5% in aghaidh na bliana agus ní dhéantar talamh a dhímheas. Déantar mótarfheithiclí a dhímheas ag 20% in aghaidh na bliana thar 5 bliana, déantar gléasra agus innealra a dhímheas ag 10% in aghaidh na bliana thar 10 mbliana agus déantar trealamh radair a dhímheas thar 15 bliana.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht maidir le córas um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a aithint go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a athbhreithniú go rialta.

Ón 23 Samhain 2015 cuirtear feidhm párolla na Roinne ar fáil ar bhonn comhroinnte ag Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) agus tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an Chomhaontaithe Bainistithe Seirbhísí idir an Roinn seo agus Sheirbhísí Comhroinnte.

Is é Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18 agus is é atá freagrach as oibriú na rialuithe laistigh de na hIonaid Seirbhísí Comhroinnte.

Faighim dearbhú faoin gcóras rialaithe i seirbhísí comhroinnte mar a thuairiscítear dom ag an Oifigeach Cuntasaíochta do Sheirbhísí Comhroinnte.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe leis na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an lucht bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe maidir le tuairisciú ar gach leibhéal arna shannadh freagracht maidir le bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomhú ceartaitheach cuí a áirithiú
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

***Rialuithe rialacháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním gur cuireadh creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta ar bun lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- Go bhfuil córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air.
- Go ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Go n-oibrítear córas um bainistiú riosca sa Roinn.
- Go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a áirithiú.
- Go bhfuil treoirlínte cuí ar rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.
- Cinntíonn an Roinn go bhfuiltear ag díriú go cuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil na treoirlínte ábhartha go léir á gcomhlíonadh. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás 5 chonradh (os cionn €25,000) arb ionann a luach agus €343,509 (gan CBL a áireamh) a bronnadh gan tairiscint iomaíoch ar chúiseanna eisceachtúla. Chuir an Roinn sonraí faoi na conarthaí eisceachtúla aonuaire seo ar fáil d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar chuid den tuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002. Baineann na conarthaí seo go príomha le caiteachas ar cheadúnais TF, ar threalamh speisialaithe radair agus ar chonarthaí seirbhísí.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Tá aird ag an Roinn i gcónaí ar rioscaí suntasacha airgeadais agus ar rioscaí eile a bhaineann le gnó via Clár Rioscaí na Roinne. Is doiciméad beo é an Clár a choinnítear cothrom le dáta chun aird a thabhairt ar rioscaí nua a aithnítear nó ar athruithe ar rioscaí atá ann cheana féin.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra faoi oiliúint chuí, a oibríonn de réir cairt cheadaithe i scríbhinn. Cuirtear le hobair na feidhme seo le hanailís ar na rioscaí airgeadais os comhair na Roinne agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú, ar bhonn atrátha, thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú go tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Is deimhin liom go bhfuil nósanna imeachta curtha ar bun chun a áirithiú go ndéanfar tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh a fhiosrú.

**John McCarthy**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

30 Márta 2016

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 34 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 34 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na nGnáthamh Airgeadais Phoiblí.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 34 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

***Ag tuairisciú ar ghnóthaí a tháinig chun cinn ó iniúchadh***

Tagraíonn Caibidlí 4 agus 5 de mo thuarascáil maidir le cuntais na seirbhísí poiblí le haghaidh 2015 do ghnóthaí áirithe a bhaineann le Vóta 34 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Iúil 2016

# Vóta 34 Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
# Cuntas Leithreasa 2015

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A | Tithíocht | 686,708 | 646,329 | 594,593 |
| B | Seirbhísí uisce | 168,601 | 130,700 | 36,450 |
| C | An comhshaol agus bainistíocht dramhaíola | 35,036 | 30,315 | 33,184 |
| D | Rialtas Áitiúil | 269,885 | 275,096 | 36,237 |
| E | Forbairt phobail agus tuaithe | 133,298 | 124,065 | 181,640 |
| F | Pleanáil | 16,357 | 21,383 | 18,955 |
| G | Met Éireann | 19,072 | 15,410 | 15,061 |
| | **Ollchaiteachas** | **1,328,957** | **1,243,298** | **916,120** |
| | *Asbhain* | | | |
| H | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **47,558** | **45,920** | **85,607** |
| | **Glanchaiteachas** | **1,281,399** | **1,197,378** | **830,513** |

**Barrachas le tabhairt suas**

Tá barrachas an mhéid arna chur ar fáil thar an méid arna chur i bhfeidhm dlite le tabhairt suas don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán aon leithreasaí neamhchaite, nó cuid díobh, le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 84,020,997 | 15,078,353 |
| Tabhairt suas a iarchur | (41,078,000) | — |
| Barrachas le tabhairt suas | 42,942,997 | 15,078,353 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 47,291 | 46,350 | 45,786 |
| ii | Taisteal agus cothú | 1,465 | 1,327 | 1,227 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,642 | 798 | 974 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,284 | 777 | 779 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 8,486 | 6,577 | 6,126 |
| vi | Speansais áitreabh oifige | 1,339 | 418 | 512 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | 171 | 27 | — |
| | | **61,678** | **56,274** | **55,404** |

# Nótaí i leith an Chuntais Leithreasa

## 1 Ráiteas ar an gCostas Oibriúcháin 2015

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 1,187,024 | 860,716 |
| Pá | | 46,350 | 45,786 |
| Neamhphá | | 9,924 | 9,618 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,243,298** | **916,120** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **45,920** | **85,607** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,197,378** | **830,513** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin (airgead) | (958) | | |
| Dímheas | 1,035 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 6 | | |
| | | 83 | 309 |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid | | (117) | (295) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (165) | | |
| Méadú ar stoic | 158 | | |
| | | (7) | (3,431) |
| **Caiteachas díreach** | | **1,197,337** | **827,096** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 19,978 | 19,059 |
| Cíosanna barúlacha | | 3,125 | 3,016 |
| **Costas glan cláir** | | **1,220,440** | **849,171** |

#### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 34 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncai | m | 19 | 12 |
| Aoisliúntas agus Liúntais Scoir Vóta 12 | | 18,567 | 17,542 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí Vóta 13 | | 1,129 | 1,296 |
| Vote 18 Shared Services | | 8 | — |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | | 255 | 209 |
| | | 19,978 | 19,059 |

Léirítear le “m” gur luach measta nó costas cionroinnte atá san fhigiúr.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 3,561 | 3,649 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 549 | 432 |
| | | **4,110** | **4,081** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead | 2.4 | 52,098 | 596 |
| Stoic | 2.5 | 201 | 359 |
| Réamhíocaíochtaí | | 3,455 | 4,022 |
| Ioncam fabhraithe | | 5,299 | 4,117 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 1,627 | 1,804 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **62,680** | **10,898** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 7,252 | 7,482 |
| Ioncam iarchurtha | | 769 | 109 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.7 | 12,649 | 2,712 |
| Glanmhaoiniú dlite ón Státchiste | 2.8 | 41,076 | (312) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **61,746** | **9,991** |
| **Glansócmhainní/glandliteanais reatha** | | **934** | **907** |
| **Glansócmhainní** | | **5,044** | **4,988** |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **5,044** | **4,988** |

| **2.1 Cuntas Maoinithe Stáit** | **Nóta** | **2015** | | **2014** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 4,988 | 1,316 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar measta | Cuntas | 1,281,399 | | |
| Deferred surrender | | (41,078) | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (42,943) | | |
| Glanvóta | | | 1,197,378 | 830,513 |
| Caiteachas (airgead) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 19,978 | 19,059 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíosanna | 1 | | 3,125 | 3,016 |
| Coigeartuithe ar shócmhainní caipitil | 2.2 | | 15 | 255 |
| Costas glan cláir | 1 | | (1,220,440) | (849,171) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **5,044** | **4,988** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Gléasra, innealra agus mótarfheithiclí | Trealamh oifige agus IT | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ollsócmhainní** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2015 | 427 | 281 | 24,509 | 3,510 | 28,727 |
| Coigeartuithe[a] | — | — | 2 | 3 | 5 |
| Breiseanna | — | — | 928 | 10 | 938 |
| Diúscairtí | — | (25) | (462) | (34) | (521) |
| Aistrithe chuig Ranna eile [b] | — | — | (43) | — | (43) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2015 | 427 | 256 | 24,934 | 3,489 | 29,106 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2015 | 24 | 213 | 21,858 | 2,983 | 25,078 |
| Coigeartuithe[a] | — | — | (11) | 1 | (10) |
| Dímheas don bhliain | — | 21 | 889 | 125 | 1,035 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (25) | (460) | (30) | (515) |
| Aistrithe chuig Ranna eile [b] | — | — | (43) | — | (43) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2015 | 24 | 209 | 22,233 | 3,079 | 25,545 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2015[b]** | **403** | **47** | **2,701** | **410** | **3,561** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014** | **403** | **68** | **2,651** | **527** | **3,649** |

[a] D'fhonn an luacháil sócmhainní ba chruinne a léiriú, b'éigean coigeartuithe a dhéanamh ar chostas nó ar luacháil ollsócmhainní an 1 Eanáir 2015, agus ar an dímheas carntha an 1 Eanáir 2015 maidir le troscán arna sholáthar ag Oifig na nOibreacha Poiblí do na hoifigí díláraithe ar Bhóthar Newtown, Loch Garman, a chur leis, crua-earraí TF a caipitlíodh go mícheart a bhaint agus crua-earraí TF a ceannaíodh i mbliain roimhe sin ach nár cuireadh ar an gclár sócmhainní a chur leis.

[b] Baineann na sócmhainní a aistríodh le ceadúnais iarratais don Chóras Bainistithe Airgeadais Oracle chuig an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus le trealamh oifige a aistríodh go dtí an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

[c] Cuireann an Roinn roinnt seirbhísí cóiríochta agus TFC ar fáil don Rannán Oidhreachta sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Déantar na sócmhainní caipitil arna gceannach ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil suas go 31 Nollaig 2012 agus a úsáideadh chun na seirbhísí sin a sholáthar a thaifeadadh ar an gclár sócmhainní. Cuireadh tús le próiseas a bhain le haistriú féideartha na sócmhainní sin chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta in 2014. Tá sé beartaithe go gcuirfear sceideal de na Sócmhainní Oidhreachta TFC go léir a bhainistítear thar ceann na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, ar fáil don Roinn faoi lár 2016.

| **2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt** | |
|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2015 | 432 |
| Coigeartú na bliana roimhe | 117 |
| Aistrithe chuig an gclár sócmhainní | — |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015 | 549 |

| **2.4 Banc agus Airgead** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | 51,970 | (1,109) |
| Iarmhéid agus airgead tirim sa chuntas bainc tráchtála | 128 | 1,705 |
| | 52,098 | 596 |

| **2.5 Stoic** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Ábhair inchaite mheitéareolaíochta | 98 | 255 |
| Ábhar inchaite IT | 43 | 45 |
| Stáiseanóireacht | 48 | 42 |
| Ábhair ghlantacháin | 2 | 2 |
| Eile | 10 | 15 |
| | 201 | 359 |

| **2.6 Irmhéideanna Eile Dochair** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Costais tuarastail in-fhorchúitithe | 310 | 422 |
| Scéim pas taistil in-fhorchúitithe | 158 | 94 |
| Costais taistil in-fhorchúitithe | 24 | 81 |
| Óinchistí | 5 | 8 |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | 1,130 | 1,199 |
| | 1,627 | 1,804 |

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Suimeanna atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 1,148 | 793 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 167 | 284 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 411 | 274 |
| Cáin Bhreisluacha | 139 | 192 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 36 | 35 |
| | 1,901 | 1,578 |
| Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil ar fionraí | 389 | 284 |
| Ciste Forbartha Uirbí | 9,616 | — |
| Míreanna eile creidmheasa fionraí | 743 | 850 |
| | 12,649 | 2,712 |

| **2.8 An glanchistiú Státchiste atá le híoc** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Barrachas le tabhairt suas | 42,943 | 15,078 |
| Tabhairt suas a iarchur | 41,078 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (42,945) | (15,390) |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | 41,076 | (312) |
| | | |
| **Arna léiriú le:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead | 52,098 | 596 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 1,627 | 1,804 |
| | 53,725 | 2,400 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,901) | (1,578) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (10,748) | (1,134) |
| | (12,649) | (2,712) |
| | | |
| | 41,076 | (312) |

| **2.9 Dliteanais Aibithe** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár urscaoileadh amhail an 31 Nollaig | 31 | 2 |

| **2.10 Ceangaltais**<br>amhail an 31 Nollaig | **2015**<br>**€000** | **2014**<br>**€000** |
|---|---|---|
| **(a) Ceangaltais dhomhanda** | | |
| (i) Fotheidil soláthair | — | — |
| (ii) Fotheidil deontais | 1,161,075 | 431,084 |
| | 1,161,075 | 431,084 |

**(B) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

(Tionscadail lena mbaineann costas €12,697,380 nó níos mó)

| **1 Clár Uisce Tuaithe** | **Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2014** | **Caiteachas 2015** | **Blianta ina dhiaidh sin** | **Caiteachas iomlán measta i saolré an tionscadail 2015** | **Caiteachas iomlán measta i saolré an tionscadail 2014** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Beart DBO na Gaillimhe, Uimh. 2[1] | 18,295 | 503 | 172 | 18,970 | 18,766 |

| **2 Tionscadail Tithíochta** | **Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2014** | **Caiteachas** | **Blianta ina dhiaidh sin** | **Caiteachas iomlán measta i saolré an tionscadail 2015** | **Caiteachas iomlán measta i saolré an tionscadail 2014** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadail Tógála** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Baile Uí Fhoirtcheirn, Céim B1, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 | 30,819 | — | 1,069 | 31,888 | 30,819 |
| Sráid an Phiarsaigh, an Naigín, Co. Átha Cliath | 16,424 | — | 53 | 16,477 | 16,477 |
| Athchóiriú ar Halla na Prióireachta, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 3 [2] | 4,045 | 7,991 | 24,864 | 36,900 | 6,471 |
| Bun Raite (Céim 1C), An Chúlóg, Cathair Bhaile Átha Cliath [3] | — | — | 13,540 | 13,540 | — |
| Lána Chill Bhríde, Bré, Co. Chill Mhantáin [3] | — | — | 14,700 | 14,700 | — |
| Iomlán | 51,288 | 7,991 | 54,226 | 113,505 | 53,767 |

[1] Liosta den chaiteachas carnach go dtí deireadh mhí na Nollag 2014, athbhreithnithe ó 2014

[2] Curtha as an áireamh i gcuntas 2014 mar bhí costas measta na scéime faoi €12.7 milliún.

[3] Tionscadal nua ar cuireadh tús leis i 2015

| Tithíocht Dheonach | Caiteachas carnach anuas go dtí an 31 Nollaig 2014 €000 | Caiteachas 2015 €000 | Blianta ina dhiaidh sin €000 | Caiteachas iomlán measta i saolré an tionscadail 2015 €000 | Caiteachas iomlán measta i saolré an tionscadail 2014 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Respond, Achadh an Tobair, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 | 22,681 | — | 1,175 | 23,856 | 23,699 |
| An Cumann Caitliceach um Chúnamh Tithíochta, Áras an Athar Uí Scolaidhe, Sráid Grenville, Baile Átha Cliath 1 | 16,388 | — | 555 | 16,943 | 16,943 |
| Iomlán | 39,069 | — | 1,730 | 40,799 | 40,642 |

| Tionscadail Athbheochana | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| An Gleann, Céim 2, Cathair Chorcaí | 12,776 | — | 3,500 | 16,276 | 12,832 |
| Áras na Saoirse, Cathair Bhaile Átha Cliath | 13,231 | — | 338 | 13,569 | 13,569 |
| Athbheochan Árasáin Bhaile Munna | 761,286 | 2,845 | 2,000 | 766,131 | 765,398 |
| Eastát Mhichíl, Cathair Bhaile Átha Cliath | 18,709 | 4,000 | — | 22,709 | 19,533 |
| Iomlán | 806,002 | 6,845 | 5,838 | 818,685 | 811,332 |

**Athruithe suntasachabliain i ndiaidh bliana**

Tugtar maoiniú thíos i gcás inar tháinig méadú os cionn €500,000 idir 2014 agus 2015 ar cheangaltais ilbhliantúla.

| Tionscadal | Méadú iomlán ar an gcostas in 2015 €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Baile Uí Fhoirtcheirn, Céim B1, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 | 1,069 | Bhí ardú mar gheall ar bhuiséad leasaithe i ndiaidh athbhreithniú ag an gcéim cuntasaíochta deiridh tar éis socrú achrainn chonartha. |
| Athchóiriú ar Halla na Prióireachta, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath 3 | 30,429 | Tá an méadú mar gheall ar fhorbairt agus fhaomhadh an tionscadail seo ar bhonn céimnithe. Ag deireadh 2014 níor faomhadh ach na céimeanna luatha. Táthar fós ag forbairt agus ag faomhadh an tionscadail seo i gcéimeanna; faomhadh céimeanna a haon - a cúig ag 31 Nollaig 2015. Táthar ag súil leis go bhfaomhfar céimeanna a sé agus a seacht i 2016. |
| Glen Céim 2, Cathair Chorcaí | 3,444 | Bhí an t-ardú ann mar gheall ar bhuiséad athbhreithnithe i ndiaidh díospóid conartha a bheith réitithe. |

| Tionscadal | Méadú iomlán ar an gcostas in 2015 €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Athbheochan Árasáin Bhaile Munna | 733 | Bhí méadú ann de níos lú ná 1% i gcostas an tionscadail ag an gcéim dheiridh chuntais mar gheall ar ghnáthchomhathruithe idir caiteachas buiséadaithe agus iarbhír. |
| Eastát Naomh Mhichíl, Cathair Bhaile Átha Cliath | 3,176 | Bhí ardú sa chuntas deiridh mar gheall ar éagsúlachtaí sa chéad chonradh agus táillí gairmiúla breise a bhain leis an tionscadal a chur i bhfeidhm. |

**2.11 Feabhsúchán Talún**

Go carnach, go dtí 31 Nollaig 2015, caitheadh €126.487 milliún ón Vóta agus ón gCiste Comhshaoil ar 51 suíomh líonadh talún a fheabhsú (€73.655 milliún ón Vóta agus €52.832 milliún ón gCiste Comhshaoil). Táthar ag súil le €13.180 milliún a chaitheamh ar fheabhsú na suíomh 15 in 2016, an líonadh talún i mBaile Chairdif, Co. Chill Dara, an tionscadal is suntasaí díobh. Beifear ar an eolas faoin méid cruinn maoinithe a bheidh de dhíth nuair a thabharfar soláthar ag an leibhéal údaráis áitiúil chun críche.

## 3 Caiteachas Clár de réir Fotheidil

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastа | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Tithíocht** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 8,550 | 8,218 | 7,728 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 1,934 | 1,533 | 1,470 |
| A.3 | Tithíocht údaráis áitiúil | 354,385 | 303,261 | 257,288 |
| A.4 | Tithíocht dheonach agus comharthithíocht | 114,537 | 106,718 | 101,201 |
| A.5 | Cuimsiú sóisialta | 61,458 | 73,783 | 57,414 |
| A.6 | Athbheochan eastát - feabhsuithe tithíochta sóisialta | 99,830 | 106,580 | 120,944 |
| A.7 | Deontais tithíochta príobháidí | 24,090 | 25,028 | 37,076 |
| A.8 | Fóirdheontais agus liúntais | 4,679 | 3,822 | 5,611 |
| A.9 | Seirbhísí eile | 17,245 | 17,386 | 5,861 |
| | | **686,708** | **646,329** | **594,593** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €40.38 milliún níos ísle ná mar a cuireadh ar fáil. Tá roinnt mhaith den choigilteas sin tugtha ar aghaidh chuig cláir Tithíochta in 2016. Bhí an caiteachas níos ísle ná mar a bhí súil leis mar gheall ar na nithe seo a leanas:

